EUROSEA 6 – SEIMINEÁR EORPACH CEANNAIRÍ GASÓGA MARA

8-12 MEITHEAMH 2000

B'é seo an séú Seimineár do Cheannairí Gasóg Mara sa Réigiún Eorpach. Tionóladh an chéad cheann i Thessaloniki na Gréige i 1985, agus gach trí bliain ó shin i leith, san Íslitír, sa tSualainn, sa Ríocht Aontaithe agus san Ioruaidh. Tionóladh an Seimineár seo i "bPerkoz", Lár-ionad Traenála Ceannairí, Chumainn Gasóga agus Baintreoirithe na Polainne (ZHP). Tá "Perkoz" suite ar leathinis coillteach ar bhruach Locha Pluszne, i ngar do bhaile Olsztynek, leath-bhealach idir Varsá agus Gdansk.

Bhí lóistín le fail i seomraí 2 agus 4 leapa, áiseanna níocháin san áireamh. Bhí béilí le fáil sa seomra bia. Bhí Barbara Szczerbinska, Waldemar Mieczkowski, Katarzyna Urbanska agus Rafal Klepacz ar an gCoiste Pleanála (ZHP), agus bhí Foireann Perkoz freagrach as na gnáth cúlsheirbhísí. Cabhraigh Grúpa "Odysseus" le chuid den chlár.

Tháinig an chuid is mó de na teachtaí le chéile in árus áitiúil na nGasóg i Varsá tráthnóna 8ú Meitheamh, agus thaisteal siad i mbus go Perkoz. Chuaigh daoine eile díreach go Perkoz ar a mbealach féin. Tar éis an dinnéar bhí tionól neamhfhoirmiúil againn le chéile.

Thosnaigh an clár ar Aoine an 9ú Meitheamh, nuair d'oscail Barbara an seimineár go h-oifigiúil. Mhair an clár ar feadh 3 lá, le dhá sheisiún gach maidin (08.45-10.30 agus 11.00-12.30) agus dhá sheisiún gach tráthnóna (14.30-16.00 agus 16.30-1800). Bhí "Oíche Idirnáisiúnta" iontach ar an Aoine. Ar an Satharn, cuireadh an dá sheisiún tráthnóna le chéile, le haghaidh cleachtaidh seoltóireachta / rianóireachta ar an loch, leis an ghrian ag taitneamh agus an gaoth ag séideadh go héadtrom. Tionóladh an "Margadh" ar oíche Satharn, nuair a thaispeán na Cumainn Náisiúnta éagsúla a gcuid cláracha traenála agus imeachtaí, Gasógachta Mara, le pictiúirí agus ábhair eile. Bhí "Páirtí an Chaptaen" ar oíche Domnaigh – sort "céilí Polonnach", le ceol agus rincí Polonnacha.

Bhí 47 teachtaí ó 22 Cumainn i 21 tíortha. Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh teachtaí ó tíortha taobh amuigh den Réigiúin Eorpach freisin – beirt ó Libia agus duine amháin ó SAM.

Gheofar gearr-thuaraiscí de na seisiúin sa tuarascáil seo.

Dé hÁoine 9 Meitheamh Cathaoirleach - Barbara Szczerbinska (ZHP)

Ag féachaint ar Eoraip – Chuir Jacqueline Collier (Oifig Gasóg na hEorpa) faisnéis nua ós ár gcóir ar cláracha agus imeachtaí sa Réigiún.

- Eoraip Duit Féin (Gasóga Fiontair / Gasóga Sínsearacha)
- Críocha na hEachtra (Gasóga)
- An Clann Mhór (Macaoimh)

Chuir Jacquie béim ar leith ar chuid de na pointí sa chlár "Eoraip Duit Féin", ar éagsúlacht na "Eurosteps" a mbíonn le fail agus ar comh tábhachtach is atá sé níos mó ionaid a bhunú, go háirithe ar scéimeanna muirí nó ar an uisce.
Ag caint faoin chéad Jamboree Domhanda eile sa Téalainn 2003, dúirt Jacquie go mbféidir go mbeadh Coiste an Jamboree ag lorg cabhrach oilte ó nGasógacht Mhara na hEorpa sna cláracha muirí agus sa sabháltacht uisce. Bheadh seans eile againn an t-ábhar a phlé níos deireanaí sa seimineár.

Scrúdú ar Ghasógacht Mhara san Eorap - Thug Eoghan Lavelle (Grúpa Odysseus & SAI) an caint seo. Nuair a bunaíodh an Grúpa Odysseus, bhí fadhb amháin an-shoiléar - ní raibh eolas cruinn le fáil faoi mhéid na nGasóg Mara a bhí sa Réigiún, agus cé h-iad na Cumainn in a raibh siad. Rinneadh scrúdú ar an scéal, agus cé nach bhfuarthas na figiúirí go h-iomlán, tá meastachán réasúnta againn anois, agus tá fhios againn cá bhfuil an Ghasógacht Mhara láidir agus cá bhfuil sí lag. Tugadh cóipeanna den tuarascáil do na teachtaí.

Sos caifé

Imeachtaí Tuaraisc nó faisnéis ar 5 imeachtaí idirnáisiúnta -

Cursáil na Síochána 1999. Labhair Waldemar Mieczkowski (ZHP)agus Jacqueline Collier (ESO) faoi chursáil an scúnair "Zawischa Czarny", de chuid Gasóga Mara na Polainne, a sheol sa Mheánmhuir le foireann a tháinig ón Iosrael, ón bPalaistín, ón gCipir, ón nGréig agus ón dTuirc, sa Samhradh 1999. D'éirigh go h-an-mhaith leis, agus b'fhéidir go mbeadh ceann eile sna todhchaí.

"Armada na nGasóg Mara". Chuir Einar Oeslebye (NSF) i gcuimhne dúinn gur glacadh le plean ag Eurosea 5 (1997) go mbeadh "Armada na nGasóg Mara" i 2000, ar chóstaí na Danmhairge. Tar éis tamall d'aithin DDS nach raibh siad in ann cuidiú fónta a thabhairt don eachtra, agus d'éirigh siad as, go h-aiféalach,. Dúirt Einar go raibh plean acu san Ioruaidh leanúint ar aghaidh go neamh-fhoirmiúil. Bheadh fáilte mór ag Gasóga Mara ó dtíortha eile dul i bpáirt leo.

Nawaka 2002 Bíonn National Water Kamp (NAWAKA) ag na Gasóga Mara san Ísiltír gach ceithre bliain. Dúirt Hermien Bos (Scouting Nederland) go dtionólfar an chéad NAWAKA eile i 2002 ag Roermund agus go mbeadh fáilte mór roimh Gasóga Mara ó dtíortha eile ann.

Satahanka-X Chuir Mika Runsten (FS) os ár gcomhair go mbíonn campa Náisiúnta na nGasóg Mara sa bhFionlainn gach 5 bliain. Bheadh an chéad ceann eile ar siúl i 2002 agus bheadh fáilte mór roimh Gasóga Mara ó dtíortha eile.

Navigamus Dúirt Petr Horcik (Junak) go mbíonn campa speisialta, darb ainm “Navigamus”, gach trí bliain ag na Gasóga Uisce sa Phoblacht Seiceach. Tionóladh imeacht na bliana 2000 sa tseachtain díreach roimh Eurosea. Tionólfar an chéad Navigamus eile sa bhliain 2003. Mar an gcéanna leis na heachtraí eile thuas-luaite, bheadh fáilte mór roimh Gasóga Mara ó dtíortha eile.

Lón

Grúpaí Díospóireachta Bunaíodh sé grúpaí díospóireachta, 6-7 i ngach grúpa, tofa ionnas go mbeadh meascán tíortha i ngach grúpa. Mar gheall ar cupla pointí a tháinig suas níos luaithe ar maidin faoi cursaí cumarsáide, ba í “cumarsáid “ príomh-ábhair díospóireachta a bhí acu -

- Cumarsáid idir Gasógacht Mhara agus Ceanncheathrú Náisiúnta
- Cumarsáid idir Gasógacht Mhara agus an Eoraip

Tar éis an seisiún díospóireachta, cuireadh trí ábhar a bhain le h-imeachtaí áitiúla faoi bhráid na cruinnithe –

Tionscnamh Imshaoil Labhair Jukka Kostiainin (SF) faoi tionscnamh imshaoil. Tá Gasóga Mara na Fionlainne ag obair leis an Institiúd Taighde Mara, ar fás algae sa Mhuir Bhailt. Úsáideann siad plankton bídeach (Nodularia Spumigena) mar táscaire ar thruailiú an uisce ag na h-algae gorm /glas. Déanann na Gasóga Mara nótaí ar na h-áiteanna ina bhfaigheann siad na h-algae agus tógann siad mórán samplaí d’uisce. Cuirtear na nótaí agus na samplaí chuig an Institiúd.
Forbairt Lárionad Gasóga Mara Chuir Fabio Bertoli agus Alba Pagni (AGESCI) staidéar maisithe romhainn faoi fhorbairt ionaid Gasóga Mara ar loch san Iodáil Thuaidh.
Stair Ghrúpa Gasóga Mara Trí mheán video,thaispeán Eoghan Lavelle (SAI) bunú, forbairt agus fás Ghrúpa Gasóga Mara thar tréimhse 30 bliain.

Sos caifé

An Ghasógacht Mara agus an Idirlíon Tugadh an caint seo ag Bruce Johnson, Comodóir na nGasóg Mara sa Réigiún Thoir-Thuaidh, BSA, Scipéar SSS Columbia Ranger (Aonaid Gasóg Mara i Maryland), agus freisin líon-mháistir don líon-shuíomh na nGasóg Mara, BSA. Bhí an léiriú seo ullmhaithe go h-iontach, agus thug sé réamhrá an-shoiléar ar úsáid an idirlíon agus ríomh-phost ag Gasóga Mara, comh maith le mion-eolas ar an méid is féidir a dhéanamh le malartú ábhar traenála, lódáil síos faisnéise, agus líon-shuíoimh. D’fhreagair sé freisin cuid de na ceisteanna faoin chumarsáid a pléadh níos luaithe ins na grúpaí díospóireachta. Léiriú i bPowerpoint a bhí ann, agus thug Bruce CD-ROM do gach duine, ní amháin leis an léiriú ach le h-ábhair seifteanna traenála freisin. Le sin thairg sé frithchaiteoir ríomh-phoist a eagrú ar son Gasógachta Mara Eorpaigh agus lion-leathanach Eorpach a oscailt dúinn ar an idirlíon. Tharla roinnt mhaith comhráite i ndiaidh an seisiún seo, agus ba léir gur spreag sé an-spéis go deo i measc na teachtaí go léir.

Dé Satharn 10 Meitheamh. Cathaoirleach - Erik Knockenhauer (SSF)

Traenáil Ceannairi sa Ghasógacht Mhara

Cuireadh dhá shamplaí de chórais traenála le h-aghaigh Ceannairí Fásta os comhair na cruinnithe. Ar dtús, labhair Brian Gaul (SAI) faoin scéim in úsáid i gCumann Gasóga na hÉireann. Annsin labhair Bruce Johnson leis an córas in úsáid i the Boy Scouts of America.

Bhailigh na grúpaí díospóireachta le chéile chun na ceisteanna seo a phlé -

- An gceapann tú gur cheart go mbeadh scéim traenála neamhspleách ag na Gasóga Mara, nó scéim mionaithrithe?

- Cén sort athraithe a cuireadh i bhfeidhm sa traenáil i do Chumainn le déanaí?

Sos caifé

Ábhair Seifte le h-aghaidh Ceannairi
Sea Scout Manual (BSA) Is é eagarthóir eagráin nua an leabhair seo é, Bruce Johnson. Chuir sé an leabhar os comhair na cruinnithe, agus bhron sé cóip ar gach duine a bhí páirteach sa Seimineár. Brontanas flaithiúil b'é seo ó Transatlantic Council, Boy Scouts of America, agus glacadh leis le deá-mheas agus buíochas ó gach duine.
Nautische Spelen (Scouting Nederland) Labhair Hermien Bos (SN) faoin leabhar nua seo ag Scouting Nederland. Is leabhar coimsitheach é, lán de cluichí uisce, le mion-tuairiscí faoi'n mhéid daoine gurbh fhéidir leo páirt a ghlacadh, cé'n aois oiriúnach, cé'n treallamh nó áiseanna ag teastáil. Ta an leabhair ar tí foillsithe i láthair na huaire, ach san Ollanais amháin. Bhí gach duine an-tugtha leis an leabhar so, agus d'iarr roinnt daoine an féidir leo eagrán Béarla a fháil. Dúirt Jacqueline go mbféidir go mbeadh Oifig an Régiúin in ann cabhrú le h-aistriú a dhéanamh.

Lón

Seoltoireacht Chaith muid an tráthnóna ag seoladh ar an loch I mbáid de chuid an ionaid. D'eagraigh an Coiste Pleanála cursa an-mhaith rianóireachta ar an loch. Bhi an ghrian ag taitneamh agus an ghaoth éadtrom. Seisiún íontach taitneamhach!

An Margadh
Tar éis dínéar, tionóladh an Margadh, agus bhí taispeántas ag gach tír faoin a ghasógacht féin – scéimeanna traenála, tionscnaimh agus turais ar fharraige agus ar uiscebhealaigh intíre etc.

Dé Domhnaigh 11 Meitheamh Cathaoirleach – Eoghan Lavelle (SAI)

Thosnaigh an lá le Seirbhís Úrnaithe an Lae, faoi stiúir Barbara Szczerbinska, ar bhruach na locha.

Bhí seisiúin na maidne tógtha suas le ceisteanna dlí ón EU, le sábháltacht uisce agus le cigireacht bád.

Reachtaíocht EU agus Tógáil Bád Chuir Henk de Pauw (FOS) faisnéis os ár gcomhair faoi na rialacha ón EU a bhaineann le tógáil bád, agus ar conas is féidir leo cuir isteach ar Ghasógacht Mhara.

Reachtaíocht EU agus an Timpeallacht Labhair Maarten Velthoen (SN) ar an ábhar seo, agus dúirt sé gur féidir le roint dlíthe nua cur isteach ar imeachtaí d'éinne ar an uisce. Is ball é Maarten de Chumann Eorpach na Bádóireachta, mar teachta ó Cumann Ríoga Seoltóireachta na hÍsiltíre. Mar sin, cé nach bhfuil teachta oifigiúil ag Ghasógacht Mhara ar an gcoiste, ar a laghad tá Gasóg Mara amháin ann.

Sos caifé

Sábháilteacht ar Uisce Is é Fin Anker Petersen (DDS) a chuir an scéim sábháilteacht uisce de chuid Gasóga Mara na Danmhairge os comhair na cruinnithe. Déanann DDS na príomh rialacha agus treoirlínte, ach tá gach Grúpa freagrach as na mionphointí a mhíniú. Ainmníonn Coiste na dTuismitheoirí i ngach Grúpa saineolaí neamhspleách mar comhairleoir. Tá seisean freagrach as ceannairí bád a mheas, agus as rialacha áitiúla a leagan síos.

Cigireacht Bád Is suirbhéir bád gairmiúil é Bjorn Julius (SSF) agus labhair sé faoi threoirlínte na bprionsabal a theastaíonn uainn chun cigireacht fiúntach a dhéanamh agus bheith cinnte go mbíonn na báid sábháilte. Dháil sé samplaí na bhfoirmeacha a úsáideann siad sa tSualainn i measc na dteachtaí.

Annsin tháinig na Grúpaí díospóireachta le chéile arís. 'Siad na ceisteanna a bhí acu ná –

- I do thuairim, conas a gcuirfeadh dlí EU isteach ar Gasógacht Mara?
- An bhfuil fhios agat cé'n chumhacht atá ag dlí EU ar dlí do thíre féin?
- An gceapann tú go bhfuil aon cumhacht agatsa sa chás seo?

Lón

Jamboree Domhanda, An Téalainn, 2003

Ar ais do'n Abhar seo arís. Thug Jacquiline Collier faisnéis cugainn cheana féin, ach anois labhair sí go sainiúil faoi chúlra na n-imeachtaí uisce. D'iarr sí ar na teachtaí sa Seimineár smaoineamh ar na h-imeachtaí uisce, fiú amháin ar mionphointí agus ar socraithe oiriúnacha le h-aghaidh 2000 ógánaigh i ngach seisiún, dhá sheisiún sa ló.

Grúpaí Díospóireachta

Chaith na grúpaí an seisiún ar fad ag caint faoin Jamboree agus leag siad amach liosta de gach sort imeachtaí uisce, agus smaointí fútha.

Sos caifé

Forum Oscailte Cathaoirleach - Luc van Nevel (FOS)

Bhí díospóireacht mhaith ar go leor ábhair agus 'siad na moltaí thíos luaite –

- Leabhar na gCuichí Muirí ón Ísiltír a fhoilsiú as Béarla.
- Líon-suíomh na nGasóg Mara a fhorbairt ar an idirlíon.
- Eurosea a fhorbairt mar oibriú leanúnach malartaithe, chun smaointí nua agus ábhair seifte a scaipeadh.
- Líonra teachtaí fó-réigiúnacha a bhunú chun faisnéis a choigilt agus a chraobhscaoladh.
- Scéim comhairleach a bhunú (gach Cumann chun a chuid riachtanais a aithint agus a chraobhscaoladh, agus Cumainn eile chun smaointí nó comhairle a chur ar fáil).
- Cabhrú le bhunú na Gasógachta Mara i dtíortha nach bhfuil sí fós bunaithe ionta.
- Iarr ar an Oifig Réigiúnach Eorpach sonraí agus faisnéis faoi'n Ghaógacht Mhara a choigilt agus a phróiseáil.
- Lár-ionad seifte a bhunú le h-aghaidh Gasógachta Mara.
- Fáilte a chur roimh teachtaí ó Réigiúnaigh eile.
- An chéad Eurosea eile le bheith sa Phortaingéal

Breithmheas Iarradh ar na teachtaí na foirmeacha breithmeasa a líonadh isteach roimh dul amach as an seomra.

Tar éis an dínéar bhi "Páirtí an Chaptaen" faoi stiuradh Waldemar Mieczkowski, stiuirtheóir Bunáite na nGasóg Mara i Gdynia agus Captaen de bhratlong na nGasóg Mara, an scúnar "Zawisza Czarny". Bhí bia, ceol agus craic, agus rincí traidisiúnta na Polainne againn – an-oíche go deo.

Dé Luain 12 Meitheamh
La imeachta. D'fhág na teachtaí go léir Perkoz agus scaip siad i ngach treo, tar éis seimineár taitneamhach, buíochas do Barbara agus a foireann dícheallach.

Aguisín 2 Torthaí na Breithmheasa

D'fhreagair 35 de na teachtaí. Tá na torthaí thíos-luaite annseo.

Ceist 1 hÍarradh ar gach teachta a thuairim a chur síos ar gnéithe éagsúla, ag baint úsáid as na ranganna – Dona, Measartha, Maith, An-mhaith

	Dona	Measartha	Maith	An-mhaith
Faisnéis roimh-ré	3	12	8	12
Lóistín	-	-	9	26
Bia	-	1	13	21
Áiseanna oibre	-	-	14	21
Ábhar an tSeimineáir	-	1	17	17
Modhanna in úsáid	-	4	15	16
Am caidrimh	-	-	16	19
Mothú coiteann	-	-	5	30

Ceist 2 Cérbh iad na rudaí is mó úsáid duit?

Leabhar na gCluichl Muirí ón Ísiltír
Idirlíon agus ríomh-phost
Grúpaí díospóireachta
Traenáil Ceannairí Fásta
"An Margadh"
Tionscnamh imshaoil na Fionlainne
Imeachtaí seoltóireachta
Casadh le daoine eile

Ceist 3 Cérbh iad na rudaí is lú úsáid duit (Ní raibh ach ceithre freagra)

Grúpaí díospóireachta – na daoine céanna i gcónaí
Droch rogha na n-ábhair díospóireachta
Easpa eolais ar Chraobh Seoltóireachta Adecco
Tionscnamh imshaoil na Fionlainne

Ceist 4 An bhfuil ábhair eile nach raibh i gclár an tseimineáir, a gceapann tú gur cheart bheith ann?

- Níos mó faisnéise roimh ré
- Amanna lóin níos faide le haghaidh imeachtaí praiticiúla
- Imeachtaí praiticiúla níos mó, go h-áirithe ceirdeanna nó scilleanna
- Imeachtaí, cluichí gearra, scilleanna praticiúla idir na seisiúin
- Malartú imeachtaí – am le h-aghaidh cluichí, teagasc speisialta
- Malartú cultúrtha – dráma gearr, amhráin ó gach tír
- Tine campa
- Níos mó faisnéise faoi reachtaíocht CE a gcuirfeadh isteach ar Ghasógacht Mhara
- Níos mó faisnéise faoi scéimeanna traenála
- Scéimeanna traenála na gCeannairí fásta agus na nGasóg
- Am seoltóireachta níos faide

Ceist 5 Moltaí do Sheimineáir sna todhchaí

- Imeachtaí uisce ar an chead lá, chun daoine a chur in aithne le chéile
- Nótaí scríofa le h-aghaidh gach léiriú
- Cuireadh chuig teachtai ó Réigiúin eile
- Roghnaigh 2/3 príomh-téama , ullmhú maith, faisnéis mhaith roimh an seimineár, agus athrú daoine sna grúpaí díospóireachta.
- Imeachtaí caidrimh idir na seisiúin – amhráin, cluichí, etc
- Níos lú ábhair agus níos mó ama, chun ábhair a iniúchadh níos doimhne
- Cluichí idir seisiúin agus athraigh daoine sna grúpaí díospóireachta
- Imeachtaí giorra, cluichí agus amhráin idir seisiúin.